CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

GA

Preasráiteas

Lucsamburg, 30 Samhain 2022

Iarann na hiniúchóirí ar fhaireachas leanúnach maidir leis na rioscaí airgeadais a bhaineann le córas réitigh bainc an Aontais

In 2021, laghdaigh na rioscaí do chóras an Aontais chun foirceannadh rianúil banc atá ag cliseadh laistigh den Aontas Baincéireachta a bhainistiú. Ach ní haon chúis é sin don Aontas a fhaireachas a laghdú; an rabhadh a tháinig ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa i dtuarascáil a foilsíodh inniu.

Tá sé d'oibleagáid ag an gCúirt Iniúchóirí tuairisc a dhéanamh gach bliain ar aon riosca airgeadais a bhaineann leis an Sásra Réitigh Aonair (SRM), sin le rá córas an Aontais a dhéanann foirceannadh rianúil banc atá ag cliseadh laistigh den Aontas Baincéireachta a bhainistiú. Do bhliain airgeadais 2021, ní dhearna an Coimisiún ná an Chomhairle tuairisciú ar aon dliteanas teagmhasach, agus rinne an Bord Réitigh Aonair (BRA/an Bord) tuairisciú ar dhliteanais theagmhasacha áirithe a bhaineann le dlíthíocht atá ar feitheamh, i dtaca le ranníocaíochtaí banc don Chiste Réitigh Aonair (CRA/an Ciste) – ciste a bhfuiltear in ann é a úsáid chun tacú le réitigh bhainc. Measann na hiniúchóirí go bhfuil na foilsithe sin iomchuí, ach molann siad feabhsuithe d'fhaireachán ar riosca airgeadais agus ar an modh chun aisíocaíochtaí féideartha na gcostas dlíthiúil a ríomh.

"Tá breithiúnais eisithe anois ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le cúig phríomhchás dhlíthiúla a dhéanann agóid in aghaidh an chéad chinnidh réitigh ón mBord, i.e. cinneadh réitigh Banco Popular Español", a dúirt Rimantas Šadžius, an duine a bhí i gceannas ar an iniúchadh le linn a thréimhse oifige mar Chomhalta den Chúirt. *"Inár dtuarascáil, tugaimid ar aire gur laghdaigh an deimhneacht dhlíthiúil a bhí ag éirí as sin an leibhéal riosca don Aontas Baincéireachta. Tugaimid forléargas mionsonraithe ar na rioscaí atá fágtha, agus molaimid tuileadh feabhsaithe d'fhaireachán agus do ríomh na n-iarmhairtí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ann."*

Ó bhí réiteach Banco Popular Español ann in 2017, tá dlíthíocht tionscanta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta go roinnt uaireanta. Níos túisce i mbliana, dhíbh an Chúirt Bhreithiúnais cúig phríomhchás in aghaidh an chinnidh réitigh. Cé go ndearna an Bord measúnú cheana féin ar an dóchúlacht go gcaillfear na cásanna sin toisc gur cásanna 'fánacha' a bhí iontu, rinne díbhe na gcásanna a dhéanann agóid in aghaidh an chinnidh réitigh na rioscaí airgeadais don Bhord a laghdú tuilleadh. Do bhliain airgeadais 2021, níor thuairiscigh an Bord aon dliteanas teagmhasach lena mbaineann ó aon chás ar leibhéal an Aontais. Ní bhfuair na hiniúchóirí aon fhianaise a bheadh

Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na Tuarascála bliantúla ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur in iúl maidir le dliteanais theagmhasacha SRM. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag www.eca.europa.eu.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

contrártha don mheasúnú sin. Do chásanna ar an leibhéal náisiúnta, tá an Bord ag brath ar thuairisciú ó údarás réitigh náisiúnta na Spáinne. Mar sin féin, fuarthas an tuairisciú lena mbaineann tar éis dhúnadh cuntas an Bhoird. Do chuntais 2022, ba cheart an cineál faisnéise seo a bhailiú níos túisce agus í a thabhairt isteach sa phróiseas; an moladh a bhí ag na hiniúchóirí.

Maidir le dlíthíocht i gcás ranníocaíochtaí banc don Chiste a ríomh, tugann na hiniúchóirí ar aire (i ndiaidh molta ó thuarascáil iniúchta na bliana roimhe sin), go ndearna an Bord athmheasúnú ar na dliteanais theagmhasacha lena mbaineann, agus go ndearna sé tuairisc ar mhéid i bhfad níos ísle in 2020. I gcás 2021, d'fhoilsigh an Bord dliteanais theagmhasacha a bhí comhionann le €5.5 milliún maidir le 63 chás dlíthiúil ar leibhéal an Aontais, agus níor fhoilsigh sé aon dliteanas teagmhasach a bhaineann le himeachtaí náisiúnta, i gcomhréir le breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais a thug breith nach raibh dlínse ag cúirteanna náisiúnta chun na cinntí sin a neamhniú. Foilsíodh suim de €2.55 milliún sna cuntais mar chúiteamh féideartha do chostais dhlíthiúla. Ba cheart an modh a úsáidtear chun cainníochtú a dhéanamh ar na costais sin a bheachtú, dar leis na hiniúchóirí, go háirithe trí thréithe na gcásanna aonair a chur san áireamh. Ina theannta sin, ba cheart don Bhord feabhas a chur ar a fhoilseacháin maidir le dliteanais theagmhasacha do na cásanna sin ina meastar go bhfuil riosca 'féideartha' ag baint le heisíocaíocht ón gCiste, ach nach féidir meastachán beacht a dhéanamh ar an neamhchosaint airgeadais.

Faisnéis chúlra

Tá os cionn 900 cás riaracháin agus dlí a bhaineann le réiteach Banco Popular Español ar feitheamh ar an leibhéal náisiúnta. Ar leibhéal an Aontais, tá dhá chaingean a lorgaíonn neamhniú maidir le cinntí neamhréitigh an Bhoird do Bhanc ABLV dífe ag an gCúirt Ghinearálta. Maidir leis an dlíthíocht a bhaineann le neamhréiteach PNB Banka, chinn an Chúirt Ghinearálta fanacht go dtí go mbeidh an chéim chinnteoireachta chríochnaitheach sroichte ag cásanna gaolmhara in aghaidh an mheasúnaithe 'ag cliseadh nó gur dócha go gclisfear' ón mBanc Ceannais Eorpach.

Tá roinnt cásanna nua ann freisin, agus ní mheasfar na hiarmhairtí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall orthu go dtí go mbeifear ag obair ar chuntais na bliana seo chugainn. Mar gheall ar theannais gheopholaitiúla, bhí meath ar staid leachtacha Sberbank Europe AG (faoi úinéireacht Sberbank of Russia, atá faoi úinéireacht tromlaigh ag Cónaidhm na Rúise) agus a fhochuideachtaí sa Chróit agus sa tSlóivéin, a bhfuil cinneadh 'ag cliseadh nó gur dócha go gclisfear' déanta ag BCE ina leith. Dá bhrí sin, chinn an Bord scéimeanna réitigh a ghlacadh. Lorg Sberbank Europe agus Sberbank of Russia neamhniú ar na cinntí sin trí imeachtaí a thabhairt os comhair an Bhoird, an Choimisiúin agus na Comhairle.

Pléann an tuarascáil iniúchóireachta seo go huile agus go hiomlán le dliteanais theagmhasacha a eascraíonn as an gcaoi a ndearna an Bord, an Coimisiún Eorpach agus an Chomhairle a gcuid cúraimí faoi Rialachán SRM a fheidhmiú do bhliain airgeadais 2021. Tá sí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cúirte.

Teagmháil don phreas
Preasoifig CIE: press@eca.europa.eu
Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 553 547
Vincent Bourgeais: vincent.bourgeais@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 551 502
Damijan Fišer: damijan.fiser@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 621 552 224